**RABHADH**

**Ná déan dearmad an páipéar seo a chur ar ais le do scrúdpháipéar, nó caillfear marcanna.**

Scríobh do Scrúduimhir anseo:

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2013**

---

## TÍREOLAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

## ROINN 1 – FILLTEÁN (60 marc)

---

**DÉ hAOINE, 7 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 - 11.30**


**NÓTA: TÁ ROINN 2 DEN SCRÚDÚ SEO AR PHÁIPÉAR AR LEITHLIGH**

**ROINN 1 (60 marc)**

Freagair **GACH** ceist.
Tá rogha agat laistigh de cheithre cheist.
Déan deimhin de go dtugann tú an fillteán seo
ar ais in éineacht le do fhreagarleabhar.
Mura ndéanfaidh tú sin, caillfear marcanna.

## 1. ACMHAINNÍ




www.oceanpowermagazine.net

Tá feirmeacha gaoithe amach ón gcósta agus fuinneamh na dtonn ina samplaí:

D'fhuinneamh do-athnuaite ☐


De bhreoslaí iontaise ☐

D'fhuinneamh in-athnuaite ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

## 2. SCREAMH AN DOMHAIN

Is é a thugtar ar an limistéar a chuirtear in iúl ar an léarscáil leis an líne dhearg a bhfuil an lipéad **X** uirthi ná:




Droim an Atlantaigh Láir ☐


Fáinne Tine an Aigéin Chiúin ☐

Feacht te ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

### 3. BOLCÁIN

Taispeántar sliabh bolcánach sa léaráid seo.




Is é a tugtar ar an ngné a bhfuil an lipéad **X** uirthi ná:

An Maintlín ☐

An Cráitéar ☐

Seomra Magma ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

### 4. AIBHNEACHA

Taispeántar íomhá satailíte d'Abhainn na Níle ag sní isteach as bhfarraige san fhótagraf seo.
Gné a bhaineann le sil-leagan abhann an ghné a bhfuil an lipéad **X** uirthi.
Is é a thugtar uirthi ná:




Deilt ☐

Lúb ☐

Leibhé ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

### 5. ITHREACHA

Tá tábhacht ag baint le miocrorgánaigh mar bhaictéir agus fungais san ithir mar:

Cuireann siad ocsaigin ar fáil do phlandaí ☐


Tarlaíonn láisteadh mianraí mar thoradh ar iad a bheith ann ☐

Briseann siad síos plandaí marbha agus déanann húmas astu ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

## 6. CREATHANNA TALÚN

Is é a thugtar ar an bpointe a bhfuil an lipéad **X** air, áit a dtosaíonn crith talún go domhain faoi dhromchla an domhain, ná:




Fócas ☐


Seismeagraf ☐

Tonn turrainge ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

## 7. GNÉITHE AOLCHLOICHE

Tá an ghné a bhfuil an lipéad **X** uirthi sa léaráid seo cosúil le gnéithe atá le fáil i mBoirinn i gContae an Chláir.




Is é a thugtar uirthi ná:

Aolchuisne ☐

Súmaire ☐


Uaimh ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

## 8. FREAGAIR 8A NÓ 8B

## 8A. TÍRGHNÉITHE CÓSTA

Is é a thugtar ar an tírghné chósta
a thaispeántar ag **X** san fhótagraf ná:




Staca ☐

Pluais ☐

Ceann tíre ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**NÓ**

## 8B. TÍRGHNÉITHE OIGHREACHA

Is é a thugtar ar an tírghné oighreach
a thaispeántar san fhótagraf ná:




V-ghleann ☐

Coire ☐


U-ghleann ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

## 9. FREAGAIR 9A NÓ 9B

### 9A. AN tATMAISFÉAR ATHRAITHEACH

An brú i lár an lagraigh atá ag druidim i dtreo chósta iarthar na hÉireann, ina heicteapascail / milleabair ná:




1021 ☐

996 ☐


1020 ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

# NÓ

### 9B. AN STÁISIÚN AIMSIRE

Tomhaiseann an gléas aimsire a thaispeántar san fhótagraf seo brú an atmaisféir.




www.treasurequestshoppe.com

Is é a thugtar air ná:

Ainéimiméadar ☐

Taifeadán Campbell-Stokes ☐


Baraiméadar anaróideach ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

## 10. FREAGAIR 10A NÓ 10B

## 10A. NAISC CHUMARSÁIDE

Eitlíonn héileacaptar tarrthála ó aerfort Phort Láirge go haerfort Shligigh.




Cén **treo** ina dtaistealaíonn sé?

Ón Oir-Thuaisceart go dtí an tIar-Dheisceart ☐

Ón Iar-Dheisceart go dtí an tOir-Thuaisceart ☐

Ón Iar-Thuaisceart go dtí an tOir-Dheisceart ☐

Ón Oir-Dheisceart go dtí an tIar-Thuaisceart ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

# NÓ

## 10B. TALAMHÚSÁID UIRBEACH AGUS FEIDHMEANNA UIRBEACHA

An cineál talamhúsáide agus feidhme a thaispeántar san fhótagraf ná:




Tionsclaíoch ☐

Cónaitheach ☐


Miondíol ☐

Gnó ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**11. FREAGAIR 11A NÓ 11B**

**11A. IMIRCE**










Féach ar na pictiúir a thaispeántar thuas.

Téann daoine ar imirce ó réigiún go réigiún ar chúiseanna éagsúla, Tosca Brú agus Tosca Tarraingthe san áireamh.

Cé acu ceann acu seo a leanas atá ina Toisc Tharraingthe?

Dífhostaíocht ☐

Cogaíocht ☐

Deiseanna oibre ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**NÓ**

**11B. FAD AR LÉARSCÁIL**

Féach ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis a thugtar leis an bpáipéar seo.

An fad ina líne dhíreach (‘mar a d’eitleodh éan’) ón Ionad Páirceála ag **S 964 367** go dtí an tIonad Páirceála ag **S 984 401** ná:

4 chiliméadar ☐

8 gciliméadar ☐

16 chiliméadar ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

## 12. GNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA




www.ambulance-photos.com




www.textually.org




www.finning.co.uk

Cé acu ceann de na fótagraif thuas a thaispeánann sampla de ghníomhaíocht gheilleagrach **thánaisteach**?

Seirbhís otharcharranna ☐

Monarcha ☐

Cairéal ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

## 13. DLÚS DAONRA

Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra cheart i **ngach** ceann de na ráitis thíos.

- Bíonn plódú, ganntanas uisce glan agus truailliú coitianta in áiteanna ina mbíonn dlús daonra **an-ard** / **an-íseal**.
- Samplaí iad Calcúta agus Hong Cong d'áiteanna ina bhfuil dlús daonra **an-ard** / **an-íseal**.
- In Éirinn, limistéar ina bhfuil dlús daonra an-íseal é **réigiún Bhaile Átha Cliath** / **Iarthar na hÉireann**.

## 14. CÚNAMH

Is é a thugtar ar an gcúnamh a thugann rialtas tíre amháin do rialtas tíre eile ná:

Cúnamh Éigeandála ☐

Cúnamh Nasctha ☐

Cúnamh Déthaobhach ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

## 15. AERFÓTAGRAF

Scrúdaigh an t-aerfótagraf d'Inis Córthaidh a thugtar leis an bpáipéar seo.

Cad é an phríomh-thalamhúsáid sa Chúlra ar Dheis?

Lárcheantar Gnó ☐

Tionsclaíocht ☐


Talmhaíocht ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

## 16. LONNAÍOCHT

Féach go cúramach ar an sliocht seo as léarscáil.

Níl aon fhoirgnimh sa limistéar timpeall ar **X** mar:




Tá sé ró-ard (airde) ☐

Tá baol tuilte ann ☐

Tá fána ró-ghéar ann (grádán) ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

## 17. TAGAIRTÍ EANGAÍ

Féach ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis a thugtar leis an bpáipéar seo.

An ghné a thaispeántar ag an tagairt eangaí **S 974 402** ná:

Stáisiún gardaí ☐


Stáisiún traenach ☐

Ionad páirceála ☐

Ionad amhairc (Ionad dearctha) ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**18. LONNAÍOCHT**





Scríobh an litir cheart sa spás cuí sa tábla thíos chun gach cur síos ar shuíomh a mheaitseáil leis an tsracléarscáil cheart.

| CUR SÍOS AR SHUÍOMH | LITIR |
|---|---|
| Tógadh droichead i suíomh ina bhféadfaí longa a dhíluchtú. | |
| Bhí oileán ina shuíomh tirim i measc na riasc. | |
| Thug an abhainn cosaint nádúrtha ar thrí thaobh den suíomh. | |

**19. TAGAIRTÍ ÉANGAÍ**

Féach ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis a thugtar leis an bpáipéar seo.

Cad í tagairt eangaí an Ghalfchúrsa ag Tom na Gráinneoige (Bloomfield) siar ó dheas ó Inis Córthaidh?




S 39 96 ☐

S 95 38 ☐

S 38 95 ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

## 20. STAITISTICÍ SA TÍREOLAÍOCHT

Léiríonn an phíchairt an céatadán (%) den ghás nádúrtha a úsáideann earnálacha éagsúla i Stáit Aontaithe Mheiriceá.

An céatadán (%) den ghás nádúrtha (**X**) a úsáideann an Lucht Cónaithe ná:

20% ☐

31% ☐

27% ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

